

## Phase 1: Priority actions for 2013-2014

### Vision: The CSO is the trusted advisor on data issues

- ◆ Build an understanding of customers' data needs, and develop the relationships to jointly identify future needs.
- ◆ Develop the Irish Statistical System Code of Practice (ISS CoP).
- ◆ Apply the legal powers of the Director General more fully, focusing on key Departments.
- ◆ Build awareness and acceptance of the CSO mandate with other organisations, develop the CSO profile to ensure that we are consulted where relevant, and improve the consistency of our branding.

### Vision: Acceptance that the CSO produces accessible and impartial statistics

- ◆ Launch an office quality management framework which will include a system of metrics for data quality, metadata standards, strong documentation control and other important internal governance elements.
- ◆ Establish an editorial board to ensure consistency and quality of outputs, and build on the capability of CSO staff to write clear, informative commentary.
- ◆ Provide improved and expanded data visualisations for our outputs.
- ◆ Develop policies for dissemination through new media to communicate with our customers using a range of dissemination channels.

### Vision: The CSO is highly influential within the international statistical system

- ◆ Monitor our level of compliance with the requirements of Eurostat and other international organisations.
- ◆ Ensure that CSO staff deliver consistent messaging on key issues as representatives at national and international events. Devise formal templates for briefing notes and for reports of meetings and conferences.
- ◆ Participate fully in benchmarking activities and peer review exercises; encourage authorship of statistical papers.

### Vision: Researchers have efficient access to microdata

- ◆ Introduce a system for secure remote access for researchers.
- ◆ Review and update the policy, under the Statistics Act 1993, on researchers' access to microdata.
- ◆ Monitor and evaluate resource utilisation for providing access to research microdata files, and assess the possible need for a cost recovery model.
- ◆ Establish a standardised feedback process from which we can determine the value derived from accessing CSO microdata.

### Cross-cutting actions to enhance processes and capability

- ◆ Continue the development of the Irish Statistical System and the national data infrastructure.
- ◆ Increase the use of administrative data for statistical purposes, and develop innovative ways of collecting data that will further reduce the burden on our respondents.
- ◆ Extend the use of systematic process improvement programmes to streamline, standardise, document and build robustness into our core processes of data collection, management, compilation, analysis and dissemination.
- ◆ Implement a continuous staff development programme, and involve all our staff in influencing change in the CSO.
- ◆ Review, and reconfigure as needed, IT and other corporate support areas to better facilitate delivery of this strategy.
- ◆ Create a new IT system for producing National Accounts statistics.
- ◆ Launch the household survey development project to meet additional national and EU needs for a wider range of social statistics.



**An Phríomh-Oifig Staidrimh**  
Central Statistics Office

# CSO 2020

**Providing information  
for Ireland**

## CSO 2020



In this document we set out our collective vision for how the CSO will provide a continuous improvement in service to all our customers.

We must strive to deliver on our role of collecting, compiling and publishing independent and objective official statistics in the most cost-effective and efficient way possible. Indeed, independence and objectivity are core values of the CSO and are focused on maximising public trust in official statistics, and we will continue to place these values at the heart of how we do our business.

We operate in a fast-changing environment, and international events in recent years have had a significant impact on the statistical world, with official statistics coming under greater scrutiny. At a time of diminishing resources, the demand for information, and the complexity of the demand, has grown significantly. Despite these challenges, we are committing ourselves in this strategy to a programme of ambitious change focused on delivering continual improvement in what we deliver and how we deliver it. These advances go beyond our own organisational boundary: we will engage proactively with our customers and in particular will focus on identifying the information needs of the broader Irish Public Service.

Our data suppliers will also be a focus of our attention in the years ahead. We will continue with initiatives to minimise their response burden, including the more widespread use of administrative data.

The actions outlined in this strategy will take time to implement. It will be a journey that will require strong leadership and discipline, and the strategy will be underpinned by solid governance arrangements with a clear focus on implementation.

Our customers will be the ultimate arbiters of the success of this strategy: will they see an improvement in quality and timeliness, a range of new products and dissemination channels, and a coherent Irish Statistical System? Benchmarks such as these will guide us over the lifetime of the strategy.

CSO 2020 has the support of the National Statistics Board (NSB) with a number of the 2020 initiatives informed by the NSB Strategy for Statistics 2009-2014. The strategy has also benefitted from significant staff engagement. The CSO has a dedicated and professional staff and we must provide them with opportunities to continually develop their knowledge and skills so that we can create a diverse, skilled and motivated workforce. The commitment and adaptability of the staff of the CSO have always been in evidence and it is these characteristics that will be key to the overall achievement of our corporate objectives. I am confident that by working together we can achieve the aims in this strategy.

A handwritten signature in black ink that reads 'Pádraig Dalton'.

**Pádraig Dalton**  
Director General  
September 2013



# Need for change

## Why do we need to change?

The environment in which the CSO operates has changed dramatically over the past few years. Significant domestic and international challenges have emerged:

- ◆ An increased demand for statistics from EU and national users.
- ◆ An increase in the range, depth and complexity of data requests.
- ◆ We need to find new ways of collecting data, including the wider use of administrative sources, in order to reduce the burden on our data suppliers.
- ◆ The level of scrutiny of official statistics internationally has increased greatly.
- ◆ The deluge of data from new sources creates expectations.
- ◆ And all this at a time when resources are under pressure as never before.

The CSO is committed to surmounting these challenges. By addressing how we work, how we engage with the Irish public service, and how we deal with the key international organisations, we are confident that we can position the CSO to provide a measurably better service to our customers.

## What our key customers need

**Government and policy makers** need to know how Ireland is performing, need data to construct policies to improve economic and social conditions, and need evidence to evaluate policy outcomes.

The **citizens of Ireland** need objective and impartial information to help them make better personal and business decisions.


**Eurostat**, and other international organisations, need timely, high quality and harmonised data in order to provide internationally comparable information.

Our **data suppliers** need to know that we seek only essential information, that we are taking steps to reduce the form-filling burden, and that we treat their data in the strictest confidence.

## What we are doing to meet those needs?

- ◆ We collect the data required from Irish households and businesses, and we maximise the statistical potential of administrative records.
- ◆ We process the data efficiently in line with best statistical practice.
- ◆ We publish our results in a clear and understandable form.
- ◆ We influence, through the Irish Statistical System and with the assistance of the National Statistics Board, the wider Irish public service on data matters.
- ◆ We influence and engage constructively with Eurostat on EU data proposals.
- ◆ We are transforming how we do our business to respond more flexibly to our customers' needs.

# Transforming how we work



## Fundamental principles

The CSO subscribes fully to the UN global standard, the *Fundamental Principles of Official Statistics*.

The CSO also subscribes fully to the more recent *European Statistics Code of Practice*. This code applies not just to national statistical offices such as the CSO, but also to Departments and other state bodies that produce European statistics from surveys or other sources. The development by the CSO of the *Irish Statistical System Code of Practice (ISS CoP)* is therefore an important step in fulfilling the international obligations of the Irish Statistical System.

# Destination 2020

## Our vision of where the CSO will be positioned by the year 2020

### The CSO is the trusted advisor on data issues

- ◆ Primary provider of statistical information and services for policy making.
- ◆ High level of awareness, among public sector organisations and others, of our products and capabilities.
- ◆ Ability to respond flexibly to our customers' needs.
- ◆ Strong relationships with key public sector departments, ensuring that we are consulted on relevant matters.
- ◆ Respect for the CSO's mandate regarding public sector data.

### Acceptance that the CSO produces accessible and impartial statistics

- ◆ Recognition that the CSO is independent and impartial.
- ◆ Timely and accurate outputs.
- ◆ Key messages identified and clearly explained.
- ◆ Open professional relationship with the media, who are aware of our values.
- ◆ Range of dissemination channels used to maximise access to data.



### The CSO is highly influential within the international statistical system

- ◆ Strong professional relationships with colleagues in Eurostat and other statistical offices.
- ◆ Influential during all stages of EU proposals.
- ◆ Respected for our constructive contributions on international statistical matters.
- ◆ Ability to withstand the highest levels of scrutiny of our processes and methods.

### Researchers have efficient access to microdata

- ◆ A remote access system to microdata from a range of sources.
- ◆ Maximise access subject to legal and confidentiality provisions.
- ◆ Strong systems and metadata in place to support a responsive service for researchers.
- ◆ Feedback actively sought from the research community.
- ◆ Continual assessment of the value of microdata along with the resource implications.

C  
S  
O

2  
0  
2  
0





# Céim 1: Gníomhaíochtaí tosaíochta le haghaidh 2013-2014

## Fís: Is í an Phríomh-Oifig Staidrimh an comhairleoir iontaofa maidir le saincheisteanna sonraí

- ◆ Tuiscint ar riachtanais sonraí an chustaiméara a fhorbairt agus na caidrimh a chur chun cinn chun riachtanais a bheidh ann amach anseo a aithint.
- ◆ Cód Cleachtas de chuid Córas Staidrimh na hÉireann (ISS CoP) a fhorbairt.
- ◆ Cumhachtaí dlí an Ard-Stiúrthóra a chur i bhfeidhm ar shlí níos cuimsithí agus iad a dhíriú ar Phríomh-ranna.
- ◆ Obair chun feachtas ar an bPríomh-Oifig Staidrimh a chur chun cinn in eagraíochtaí eile agus a chinntiú go nglacfar léis, próifíl na Príomh-Oifige Staidrimh a fhorbairt chun a chinntiú go dtéitear i gcomhairle linn más cuí, agus feabhas a chur ar chomhsheasmhacht ár mbranda.

## Fís: Go nglactar leis go gcuireann an Phríomh-Oifig Staidrimh staitisticí inrochtana neamhchlaonta ar fáil

- ◆ Creat oibre le haghaidh bainistíocht cáilíocht oifige a sheoladh a chuimsíonn córas meadrachta le haghaidh cáilíocht sonraí, caighdeán do mheiteashonraí, dianrialú doiciméadaithe agus gnéithe tábhachta eile a bhaineann le rialachas inmheánach.
- ◆ Bord eagarthóireachta a chur ar bhun d'fhonn a chinntiú go bhfuil ár gcuid torthaí comhsheasmhach agus d'ardchaighdeán, agus tairbhe a bhaint as cumas foireann na Príomh-Oifige Staidrimh tráchtairacht shoiléir fhaisnéiseach a scríobh.
- ◆ Léirshamlú feabhsaithe méadaithe na sonraí a sholáthar dár gcuid aschur.
- ◆ Beartais le haghaidh scaipeadh eolais tríd na meáin nua a fhorbairt chun cumarsáid a dhéanamh lenár gcustaiméirí trí úsáid a bhaint as roinnt bealaí cumarsáide.

## Fís: Tá tionchar mór ag an bPríomh-Oifig Staidrimh sa chóras staidrimh idirnáisiúnta

- ◆ Monatóireacht a dhéanamh ar an leibhéal comhlíonta le riachtanais Eurostat agus le riachtanais eagraíochtaí idirnáisiúnta eile.
- ◆ A chinntiú go seachadann foireann na Príomh-Oifige Staidrimh cur teachtaireachtaí comhsheasmhach i dtaobh saincheisteanna lárnacha agus iad ag feidhmiú mar ionadaithe ag imeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Teimpléid fhoirmeálta a chumadh le haghaidh nótaí faisnéisithe agus le haghaidh tuairiscí cruinnithe agus comhdhálacha.
- ◆ A bheith rannpháirteach go huile agus go hiomlán i ngníomhaíochtaí tagarmharcála agus i gcleachtaí athbhreithnithe phiaraí; ceapadh páipéir staidrimh a spreagadh.

## Fís: Tá rochtain éifeachtach ar mhicreashonraí ag taighdeoirí

- ◆ Córas le haghaidh cianrochtana sláine don lucht taighde a thabhairt isteach.
- ◆ An beartas maidir le rochtain ar mhicreashonraí don lucht taighde a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta faoin Acht Staidrimh 1993.
- ◆ Monatóireacht a dhéanamh ar úsáid acmhainní chun rochtain a chur ar fáil ar chomhaid mhicreashonraí taighde agus measúnú a dhéanamh uirthi. A mheas cé acu an bhfuil nó nach bhfuil gá le samhail le aghaidh aisghabháil costas.
- ◆ Próiseas aiseolais caighdeánaithe a chur ar bhun a chabhraíonn linn an luach a dhearbhu a dhíorthaítear ó micreashonraí na Príomh-Oifige Staidrimh a rochtain.

## Gníomhartha taobhacha chun próisis agus inniúlacht a fheabhsú

- ◆ Leanúint ar aghaidh le forbairt an Chóras Staidrimh in Éirinn agus leis an mbonneagar sonraí náisiúnta.
- ◆ Úsáid sonraí riaracháin chun críocha staidrimh a mhéadú agus bealaí nuálacha a fhorbairt chun sonraí a bhailiú, bealaí a laghdóidh tuilleadh an t-ualach a chuirtear ar ár lucht freagartha.
- ◆ Úsáid clár a fheabhsaíonn próisis go córasach a mhéadú chun ár gcuid próiseas a chuíchóiriú, a chaighdeánú, a dhoiciméadú agus chun ár bpróisis lárnacha a láidriú, is é sin, bailiú bainistiú, tiomsú, anailísiú agus scaipeadh sonraí.
- ◆ Clár forbartha foirne leanúnach a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go bhfuil tionchar ag gach ball foirne ar an athrú sa Phríomh-Oifig Staidrimh.
- ◆ TF agus réimsí tacaíochta corparáideacha eile a athchóiriú agus athbhreithniú a dhéanamh orthu de réir mar is gá, chun cabhrú le seachadadh na straitéise seo.
- ◆ Córas TF nua a chruthú chun staitisticí ar na Cuntais Náisiúnta a tháirgeadh.
- ◆ An togra um fhorbairt suirbhé teaghlach a sheoladh d'fhonn freastal ar riachtanais bheise náisiúnta agus AE ar mhaithe le réimse níos leithne staitisticí sóisialta.



**An Phríomh-Oifig Staidrimh**  
Central Statistics Office

# CSO 2020

**Ag soláthar  
faisnéise d'Éirinn**

## CSO 2020



Sa doiciméad seo leagaimid amach ár gcomhfhís maidir leis an tslí ina mbeidh an Phríomh-Oifig Staidrimh ag cur feabhas ar ár seirbhís dár gcustaiméirí go leanúnach.

Is é bailiú, tiomsú agus foilsiú staitisticí oifigiúla oibiachtúla neamhspleácha an ról atá againn agus ní mór dúinn ár ndícheall a dhéanamh chun an ról seo a chomhlíonadh go éifeachtúil tiosach. Go deimhin, is iad an neamhspleáchas agus an oibiachtúlacht na luachanna is tábhachtaí atá ag an bPríomh-Oifig Staidrimh agus tá siad dírithe ar iontaobh an phobail i staitisticí oifigiúla a uasmhéadú. Beidh na luachanna seo i gcroílár ár gcuid oibre i gcónaí.

Táimid ag feidhmiú i dtimpeallacht atá ag athrú go mear agus tá tionchar nach beag imeartha ag imeachtaí idirnáisiúnta a tharla le blianta beaga anuas ar shaol na staitisticí. Tá mionscrúdú níos géire á dhéanamh ar staitisticí oifigiúla dá mbarr. Tá laghdú ag teacht ar acmhainní faoi láthair ach tá méadú suntasach tagtha ar an éileamh ar fhaisnéis agus ar chastacht an éilimh. D'ainneoin na ndúshlán seo táimid tiomanta sa straitéis seo do chlár ag a bhfuil ardspríocanna ó thaobh athraithe de, clár atá dírithe ar feabhsú leanúnach a chur ar a bhfuil á seachadadh againn agus ar an modh seachadta araon. Is mó an dul chun cinn seo ná a bhfuil laistigh dár gcuid teorainneacha féin: beimid ag plé go réamhghníomhach lenár gcustaiméirí agus go háirithe, beimid ag obair chun na riachtanais faisnéise atá ag Seirbhís Phoiblí na hÉireann i gcoitinne a aithint.

Ina theannta sin beimid ag díriú ar n-aire ar ár soláthraithe sonraí sna blianta atá amach romhainn. Leanfaimid orainn le tionscnaimh a chur ar siúl a laghdóidh an t-ualach freagartha atá orthu, rud a áiríonn go mbainfear níos mó úsáide as sonraí riaracháin.

Tógfaidh sé roinnt ama na gníomhartha atá mínithe sa straitéis seo a chur i ngníomh. Beidh gá le ceannaireacht láidir agus le diongbháilteacht ar an mbóthar seo. Tacóidh socruithe rialachais iontaofa leis an straitéis agus beifear ag díriú go soiléir ar chur i ngníomh na gcuspóirí.

Is iad ár gcustaiméirí a thabharfaidh breith faoi dheireadh thiar ar thorthaí na straitéise: an bhfeicfidh siad feabhas ar cháilíocht agus ar thráthúlacht? An bhfeicfidh siad réimse táirgí nua agus bealaí scaipthe nua? An bhfeicfidh siad Córas Staidrimh comhtháite sa tír seo? Is iad tagarmharcanna den tsórt seo a bheidh mar threoir againn thar saolré na straitéise.

Tá an Bord Náisiúnta Staitisticí ag tacú le CSO 2020. Úsáideadh An Straitéis Staitisticí 2009-2014 de chuid an Bhoird mar threoir le haghaidh cuid de na tionscnaimh 2020. Ina theannta sin chuaigh rannpháirtíocht mhór na foirne chun tairbhe don straitéis. Tá foireann thiomanta ghairmiúil ag an bPríomh-Oifig Staidrimh agus ní mór dúinn deiseanna a thabhairt dóibh a gcuid eolais agus scileanna a chur chun cinn de shíor chun go mbeidh lucht saothair ilchineálach oile spreagtha againn. Ba léir i gcónaí gur foireann thiomanta í foireann na Príomh-Oifige Staidrimh a bhfuil cumas maith oiriúnaithe acu. Is iad na tréithe seo a bheidh rithábachtach agus ár gcuspóirí corparáideacha á mbaint amach againn. Tá muinín agam go mbainfimid spríocanna na straitéise seo amach trí thabhairt faoin obair le chéile.

**Pádraig Daltún**  
Ard-Stiúrthóir  
Meán Fómhair 2013



# Gá le hathrú

## Cén fáth atá gá againn le hathrú?

Tá mórathrú tagtha ar an timpeallacht ina n-oibríonn an Phríomh-Oifig Staidrimh le blianta beaga anuas. Tá dúshlán shuntasacha tagtha chun cinn sa tír seo agus go hidirnáisiúnta araon:

- ◆ Níos mó éileamh ar staitisticí ó úsáideoirí AE agus úsáideoirí náisiúnta.
- ◆ Méadú ar réimse, doimhneacht agus castacht na n-iarratas ar shonraí.
- ◆ Ní mór dúinn slite nua a aimsiú chun sonraí a bhailiú lena n-áirítear úsáid níos forleithne a bhaint as foinsí riaracháin, d'fhonn an t-ualach freagartha atá ar ár soláthraithe sonraí a laghdú.
- ◆ Tá fás mór tagtha ar an méid scrúdaithe a dhéantar ar staitisticí oifigiúla go hidirnáisiúnta.
- ◆ Mar thoradh ar na tuilte sonraí a thagann ó fhoinsí nua tá ionchais ag an bpobal.
- ◆ Agus tá na nithe seo ar fad ag tarlú ag tráth a bhfuil brú ar acmhainní nach raibh a leithéid ann riamh.

Geallann an Phríomh-Oifig Staidrimh go mbeidh sí ag obair go dícheallach chun na dúshlán seo a sháru. Táimid dóchasach gur trí díriú ar ár modh oibre, an tslí ina mbíimid i dteagmháil le seirbhís phoiblí na hÉireann agus an tslí a mbíimid ag dul i ngleic le príomheagraíochtaí idirnáisiúnta, a éireoidh linn an Phríomh-Oifig Staidrimh a ullmhú chun seirbhís i bhfad níos fearr a sholáthar dár gcustaiméirí.

## Cád atá ag teastáil ónár bpríomhchustaiméirí?

Is gá don **Rialtas agus do dhéantóirí beartais** a bheith ar an eolas faoi fheidhmíocht na hÉireann. Tá sonraí uathu chun beartais a dhéanamh a fheabhsóidh ar gcúinsí eacnamaíochta agus sóisialta agus tá faisnéis uathu chun torthaí beartais a mheas.

Tá gá ag **saoránaigh na hÉireann** le faisnéis oibiachtúil neamhchlaonta mar chabhair dóibh cinntí pearsanta agus cinntí gnó níos fearr a dhéanamh.


Tá gá ag **Eurostat** agus ag eagraíochtaí idirnáisiúnta eile le sonraí comhchuihbhithe ardcháilíochta a sholáthraítear in am trátha chun go mbeidh ar a gcumas faisnéis a chur ar fáil ar féidir é a chur i gcomparáid le sonraí ar bhonn idirnáisiúnta.

Is gá dár **soláthraithe sonraí** a bheith ar an eolas nach bhfuil á lorg againn ach faisnéis ríthábhachtach, go bhfuil céimeanna á nglacadh againn chun an t-ualach a ghabhann le comhlánú foirmeacha a laghdú agus go gcoinnímid a gcuid sonraí faoi rún daingean.

## Cad atá á dhéanamh againn chun na riachtanais sin a chomhlíonadh?

- ◆ Déanaimid na sonraí a phróiseáil go éifeachtúil de réir barrchleachtas staidrimh.
- ◆ Tá dealramh soiléir sothuigthe ar leagan foilsithe ár dtorthaí.
- ◆ Imrímid tionchar, trí Chóras Staidrimh na hÉireann agus le cúnamh ón mBord Náisiúnta Staitisticí, ar sheirbhís phoiblí na hÉireann i gcoitinne maidir le cúrsaí sonraí.
- ◆ Imrímid tionchar ar Eurostat agus déanaimid gnó leo go dearfach i ndáil le tograí sonraí de chuid an AE.
- ◆ Tá athrú chun feabhais á dhéanamh againn ar an tslí a ndéanaimid ár ngnó d'fhonn freagairt do riachtanais ár gcustaiméirí le breis solúbthachta.

# Athrú chun feabhais a chur ar ár modh oibre



## Bunphrionsabail

Glacann an Phríomh-Oifig Staidrimh go huile agus go hiomlán le caighdeán domhanda na Náisiún Aontaithe. Is iad *Bunphrionsabail an Staidrimh Oifigiúil* iad.

Ina theannta sin glacann an Phríomh-Oifig Staidrimh go huile agus go hiomlán le *Cód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh*, cód a rinneadh níos déanaí. Ní bhaineann an cód seo le hoifigí staidrimh náisiúnta cosúil leis an bPríomh-Oifig Staidrimh amháin ach le Ranna agus eagraíochtaí stáit eile a chuireann amach staitisticí Eorpacha ó shuirbhéanna nó ó fhoinsí eile. Dá bhrí sin tá céim thábhachtach glactha ag an bPríomh-Oifig Staidrimh agus *Cód Cleachtais do Chóras Staidrimh na hÉireann (ISS CoP)* forbartha aici mar is céim chun tosaigh í chun na hoibligeáidí idirnáisiúnta atá ar Chóras Staidrimh na hÉireann a chomhlíonadh.

# Ceann scríbe 2020

## Ár bhfís i dtaobh an ionaid a bheidh ag an bPríomh-Oifig Staidrimh faoin mbliain 2020

### Is í an Phríomh-Oifig Staidrimh an comhairleoir iontaofa maidir le saincheisteanna sonraí

- ◆ Príomhsholáthraí faisnéise staitisticíúla agus seirbhísí a úsáidtear chun beartais a dhéanamh.
- ◆ Tuiscint mhaith a bheith ag eagraíochtaí na hearnála poiblí agus eagraíochtaí eile nach iad ar ár gcuid táirgí agus ár gcuid acmhainní.
- ◆ Ár gcumas freagairt go solúbtha do riachtanais ár gcustaiméirí.
- ◆ Caidreamh láidir le príomhranna na hearnála poiblí, a chinntiú go dtéitear i gcomhairle linn maidir le gnóthaí bainteacha.
- ◆ Meas ar shainchúram na Príomh-Oifige Staidrimh maidir le sonraí na hearnála poiblí.

### Go nglactar leis go dtáirgeann an Phríomh-Oifig Staidrimh staitisticí inrochtana neamhchlaonta

- ◆ Go n-aithnítear go bhfuil an Phríomh-Oifig Staidrimh neamhspleách neamhchlaonta.
- ◆ Go soláthraítear torthaí cruinne agus go soláthraítear go tráthúil iad.
- ◆ Go n-aithnítear na príomhtheachtairacht agus go mínítear go soiléir iad.
- ◆ Go bhfuil caidreamh trédhearcach proifisiúnta againn leis na meáin agus go bhfuil siad ar an eolas faoinár luachanna.
- ◆ Go mbaintear úsáid as roinnt bealaí scaipthe éagsúla chun go mbeidh rochtain ar shonraí ag an oiread daoine is féidir.



### Tá ardtionchar ag an bPríomh-Oifig Staidrimh laistigh den gcóras staidrimh idirnáisiúnta

- ◆ Tá caidreamh gairmiúil láidir aici le comhoibrithe in Eurostat agus in oifigí staidrimh eile.
- ◆ Tá tionchar aici le linn gach céim de thograí AE.
- ◆ Tá meas orainn as ucht ár rannchuidithe dhearfaigh i leith gnóthaí staidrimh idirnáisiúnta.
- ◆ Seasaimid i gcoinne na scrúduithe is déine ar ár bpróisis agus ár modhanna.

### Tá rochtain éifeachtúil ag lucht taighde ar mhicreashonraí

- ◆ Tá córas cianrochtana i bhfeidhm ar mhicreashonraí ó fhoinsí éagsúla.
- ◆ Rochtain a uasmhéadú faoi réir forálacha dlí agus rúndachta.
- ◆ Córais láidre agus meiteashonraí ar fáil chun tacú le seirbhís fhreagúil don lucht taighde.
- ◆ Aiseolas á lorg go gníomhach ón bpobal taighde.
- ◆ Measúnú leanúnach á dhéanamh ar luach micreashonraí mar aon leis an tionchar a imríonn sé seo ar acmhainní.

C  
S  
O

2  
0  
2  
0

